

Feargal Ó Cuilinn RIP

Is cúis mhór bhróin ag Bord Stiúrtha Ghlór na nGael go bhfuil Feargal Ó Cuilinn, ball dár bhfoireann, imithe ar shlí na fírinne. Fuair Feargal bás ar 13 Deireadh Fómhair 2017, tar éis breoiteacht ghairid. Déanann stiúrthóirí agus foireann na heagraíochta comhbhrón ó chroí lena chlann agus lena ghaolta uilig.

Bhí Feargal fostaithe le Glór na nGael ón mbliain 2014 i leith ach bhí sé féin agus foireann Ghlór ag obair as lámha a chéile le blianta fada roimhe sin, le linn dó a bheith ag feidhmiú mar Stiúrthóir ar an eagraíocht Comhluadar.

Is iomaí togra agus tionscadal a raibh Feargal gafa leo agus lárnach iontu. B'é bunú agus buanú Ghaelscoil Bharra, i gCabrach, a bhí ar bharr a liosta tosaíochtaí le fada an lá agus b'ábhar bróid dó é go raibh foirgneamh buan faighte ag an scoil i mbliana, tar éis breis agus fiche bliain. Thuig sé tábhacht an oideachais do thodhchaí na Gaeilge agus d'fheidhmigh sé ar Bhoird Bhainistíochta éagsúla, ina measc, Gaelscoil Chabhrach, Gaelscoil Chill Mhantáin, Gaelscoil Nás na Ríogh, Coláiste Mhuire, ar Bhord Stiúrtha Ghaelscoileanna (Gaeloideachais) agus ar feadh tréimhse fhada mar Chisteoir ar Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge.

Ní raibh a obair dheonach teoranta don oideachas amháin: bhí sé gafa le Bord Stiúrtha Rith Teo óna bhunú sa bhliain 2010 agus bhí dílseacht dho-chloíte aige dá chlub Robert Emmets CLG. Bhí spéis mhór ag Feargal i gcúrsaí staire agus saineolas suntasach aige innti, a roinn sé linn ar fad, go fial.

Is iomaí teaghlach lán-Ghaeilge a mbeidh cuimhne acu ar chineáltas Fheargail ag ócáidí agus ag deirí seachtaine sóisialta na heagraíochta Comhluadar. Ba é Feargal a bhí i gcónaí amuigh chun tosaigh ag cur fáilte roimh thuismitheoirí agus roimh pháistí araon. Beidh cuimhne bhuan ar cé chomh sona is a bhí sé agus é ag freastal ar saoire Ghaeltachta Comhluadar/Glór na nGael i nGaeltacht Chorca Dhuibhne 'chuile shamhradh. Níor aithin Feargal aon difríocht idir daoine éagsúla; bhí sé lách le gach duine a tháinig chuige. Braithfidh muid ar fad uainn é, i nGlór na nGael, a mheangadh gáire, a dhea-chaidreamh agus a chomhluadar cneasta.